Oifig Fiontair Áitiúil

Local Enterprise Office

# Foirm Iarratais ar Dheontas chun Gnó a Leathnú



**Saoráil Faisnéise**

Ní nochtfaidh an Oifig Fiontair Áitiúil aon eolas a gheobhaidh sé mar chuid den iarratas seo ach amháin mar a d'éileodh an dlí é, an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 san áireamh. Má thagann iarratas Shaoráil Faisnéise isteach chugainn, cuirfimid i n-iúl duit é, chun go mbeadh tréimhse réasúnta agat chuige, má theastaíonn uait cur i n-aghaidh aon nochtadh eolais.

**Cosaint Sonraí**

Seasaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil go láidir le cosaint a thabhairt do do chuid príobháideachais. Tá Fógra faoi Chosaint Sonraí againn a thabharfaidh eolas duit mar gheall ar do chearta príobháideachais, agus a leagann amach conas a dhéanaimid-ne, mar Rialaitheoir Sonraí, cnuasach, úsáid, próiseáil, agus nochtadh ar na sonraí pearsanta fút-sa a bhaineann le do theagmháil linn-ne. Féadfaidh tú teacht ar chóip den fhógra príobháideachais seo againn-ne ag www.localenterprise.ie/legal.

**Nóta:**

Má fhaigheann tú cúnamh deontais, beidh tú istigh i liosta na dtairbhithe faoi Art. 115 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (Rialachán na bhForálacha Coiteanna). Sonraítear go nua an liosta seo gach sé mhí, agus is féidir teacht air ar shuíomhanna na dTionól Réigiúnacha.

#AgFíorúnaFíse

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
European Union European Regional Development Fund
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
I bpáirt leo seo leanas:
ENTERPRISE IRELAND
Údaráis Áitiúla Éireann Local Authorities Ireland

## Conas a Chabhraíonn na hOifigí Fiontair Áitiúil le gnónna i gcúrsaí airgid?

Féadfaidh an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) cabhrú leat chun fiontar nua a chur ar bun, nó chun fiontar atá ann cheana a fhorbairt, fad agus a fhéadfadh an fiontar a bheith inmharthana ó thaobh na tráchtála de i bhfad na haimsire. Caithfear critéirí eile a chomhlíonadh, a liostáiltear anseo thíos:

- Ní fhéadfadh níos mó ná deichniúr a bheith fostaithe ag an bhfiontar;
- Caithfidh sé a bheith bunaithe cláraithe agus ag feidhmiú laistigh den cheantar a bhaineann leis an OFÁ;
- Caithfidh sé a bheith ag feidhmiú i gcúrsaí tráchtála;
- Caithfear a léiriú go bhfuil margadh ann don earra nó don seirbhís atá i gceist;
- Caithfidh an poitéinseal a bheith aige go bhfásfadh sé, i margaí na tíre nó sna margaí idirnáisiúnta; agus
- Caithfidh an poitéinseal a bheith aige postanna nua a chruthú, gan teacht salach ar ghnónna eile atá sa cheantar cheana.

Laistigh de na critéirí anseo thuas, tá tosaíochtaí agus srianta áirithe i bhfeidhm.

Mar shampla, tabharfar tús áite dóibh seo leanas:

- gnónna i n earnálacha na déantúsaíochta nó na seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, a fhéadfadh forbairt i bhfad na haimsire ina gcomhlachtaí láidre easpórtála, agus dul chun cinn faoi choimirce Fhiontraíocht Éireann.
- gnónna le seirbhísí sainiúla turasóireachta, a dhíríonn ar ioncam a shaothrú ó thurasóirí thar lear isteach; ní ceart go meallfadh na seirbhísí seo a gcúram ó dhreamanna eile ag feidhmiú cheana sa mhargadh, nó "ualach marbh" a chruthú (cásanna mar a rachadh an tionscnamh chun cinn pé scéal é). D'fhéadfaí tacaíochtaí tuarastail a thairiscint dá leithéid de sheirbhísí sainiúla turasóireachta.

Maidir leis na srianta, níl gnónna miondíola, seirbhísí pearsanta, seirbhísí proifisiúnta, seirbhísí foirgníochta ná seirbhísí áitiúla tógála i dteideal an chúnamh deontais seo.

## Cén Rud é Deontas chun Gnó a Leathnú?

Is deontas é an Deontas chun Gnó a Leathnú atá deartha chun cabhrú leis an ngnó agus é i gcéim an fhorbartha, tar éis an tréimhse tosaigh 18 mí a chur de.

## Cé a d'Fhéadfadh cur isteach ar Dheontas chun Gnó a Leathnú?

Féadfaidh micrea-ghnónna (Comhlachtaí Teoranta, Comhlachtaí i nGníomhaíochtaí Ainmnithe, trádálaithe aonair, comharchumainn, agus páirtnéireachtaí) cur isteach ar Dheontas chun Gnó a Leathnú chun cabhrú leo an gnó a leathnú amach tar éis dóibh 18 mí de thrádáil a chur díobh. Sé an deontas is mó is féidir a dhíol ná 50% den infheistíocht, nó €150,000, pé acu is lú. Eisceacht ab ea deontas idir €80,000 agus €150,000. Ní bhronnfaí a leithéid de dheontas ach amháin ar fhiontair a léireodh go soiléir go bhfuil an poitéinseal acu dul chun cinn faoi choimirce Fhiontraíocht Éireann. I ngach cás eile, an deontas is mó a bhronnfaí ná 50% den infheistíocht nó €80,000, pé acu is lú.

## Deontaisí chun Gnónna a Leathnú

Más amhlaidh a fuair an gnó Deontas chun Gnó a Phrímeáil (deontas chun an gnó a thosú), ní ceadmhach dó cur isteach ar Dheontas chun Gnó a Leathnú go ceann 12 mhí tar éis an dáta a ceadaíodh an Deontas chun Gnó a Phrímeáil. D'fhéadfaí eisceacht a dhéanamh i gcás le fiúntas eisceachtúil, nuair nár tarraingíodh anuas an Deontas chun Gnó a Phrímeáil is mó is ceadmhach a cheadú, agus fad is a chloífí leis na rialacha faoi 'Chúnamh De Minimis'. Sé an rud é Cúnamh De Minimis ná suimeanna beaga de chúnamh Stáit a dheonaítear do ghnónna. (Féach leathanach a 3 faoi Chúnamh De Minimis.)

## Cad a Chlúdóidh an Deontas chun Gnó a Leathnú?

D'fhéadfaí Deontas chun Gnó a Leathnú a dhíol amach chun trealamh nua a cheannach, nó chun cabhrú le costaisí díreacha an ghnó, ar nós na tuarastail, an cíos, seirbhísí ar nós an aibhléis nó an t-uisce, an mhargaíocht, an chomhairleoireacht, is mar sin de.

Níl cúnamh deontais ar fáil chun foirgneamh, talamh, nó sócmhainní so ghluaiste a cheannach.

D'fhéadfaí caiteachas a thabhairt san áireamh don deontas faoi na teidil seo leanas:

- **Caiteachais Caipitil** – feisteas an ionad oibre, trealamh oifige, innealra, costaisí seasta na teicneolaíochta, agus mar sin de. (Tabhair faoi ndeara nach gcáileoidh costaisí ar nós na rudaí seo leanas do chúnamh deontais: foirgneamh a cheannach nó a thógáil, talamh a cheannach, nó sócmhainní so ghluaiste ar nós ríomhairí glún, taibléidí, nó fónanna cliste a cheannach.)
- **Costaisí Tuarastail** – don chéad bhliain den fhostaíocht. Díoltar an t airgead seo ina dhá ghála: díoltar an chéad ghála ag tús na fostaíochta, agus an dara gála tar éis sé mhí den fhostaíocht. Braithfidh leibhéal an tacaíocht deontais ar scála an tuarastail

atáthar a bheartú don phost atá á chruthú. Beidh postanna le tuarastal os cionn €40,000 i dteideal an leibhéal is airde de thacaíocht deontais, €15,000. Deontas is lú ná sin a gheofá as postanna le tuarastal is lú ná sin. Níor mhór a thuiscint go gcaithfear aon deontaisí a cheadófaí a úsáid don chuspóir a bhí i gceist leo. Má tá an OFÁ chun cabhrú le costaisí tuarastail, caithfear cur síos sonraitheach an phoist agus na conraí don ról a chur faoi bhráid an OFÁ sara bhféadfaí an maoiniú a tharrac anuas.

- **An Chomhairleoireacht**, an Nuálaíocht, Costaisí na Margaíochta – d'fhéadfadh pacáistíocht, bróiséirí, cártaí gnó, aontaí trádála, forbairt suíomh gréasáin, taillí comhairleoireachta, is tionscnaimh eile margaíochta a bheith san áireamh anseo.
- **Costaisí Reatha go Ginearálta** – na nithe seo leanas, mar shampla:
  - Costaisí Seirbhísí – san áireamh anseo bheadh costaisí suiteála do líne gutháin, don bhanda leathan, nó do chumhacht an trí phas (soláthar aibhléise le voltas oiriúnach do chúrsaí gnó).
  - Cíos nó Costaisí Áitribh – don chéad bhliain den ghnó. (Níor mhór a thuiscint, sa chás is go bhfuil an t áitreabh ag fail fóirdheontais trí infheistíocht d'airgead poiblí cheana, nach ndíolfaidh an cúnamh deontais ach as an difríocht idir an fóirdheontas agus ráta an mhargaidh.) D'fhéadfaí costaisí an chíosa a dhíol roimh ré, má chuirtear léas nó comhaontú cíosa sínithe ar fáil don OFÁ.

## Conas a chuirfidh mé isteach ar an deontas?

Má theastaíonn uait cur isteach ar Dheontas chun Gnó a Leathnú, níor mhór duit teacht i dteagmháil leis an OFÁ áitiúil. Déanfaidh siad sin measúnacht ar do theidlíocht sa deontas. Déanfar measúnacht ar gach iarratas ar a bhonn féin, agus is tar éis na measúnachta a bheartófar leibhéal an mhaoiniú a cheadófar.

Scrúdóidh an mheasúnacht na nithe seo leanas:

- an fiúntas a bhainfeadh le cúnamh deontais a thabhairt do do thionscnamh;
- an gá atá agat le tacaíocht airgeadais;
- aon maoiniú a bheadh fachta cheana agat;
- an teacht atá ar mhaoiniú ag an am;
- an poitéinseal fostaíochta agus díolacháin atá sa tionscnamh

Má theastaíonn ó aon ghnó nó ó aon duine aonair iarratas a dhéanamh, caithfidh siad an fhoirm iarratais ar Dheontas chun Gnó a Leathnú a líonadh isteach go hiomlán, é a shíniú, agus é a sheoladh isteach, leis na rudaí seo leanas ina theannta:

- meastacháin ar na príomh-chostaisí,
- 3 mheastachán ar aon bhall caiteachais os cionn €5,000. (Caithfear meastachán béil amháin a chur ar fáil d'aon bhall caiteachais faoi bhun €5,000); agus
- na cúntaisí deimhnithe is déanaí (más ann cheana don ghnó).

**Féach chuige go líonfaidh tú isteach an fhoirm iarratais go hiomlán.**

## Tar éis duit an t-iarratas a sheoladh isteach

Scríobhfaidh an OFÁ chugat chun a dheimhniú go bhfuarthas an t-iarratas uait, agus buailfidh feidhmeannach ón OFÁ leat chun é a phlé. Tharlódh sé go lorgófaí breis eolais ort.

Nuair a gheobhaidh an OFÁ an t-eolas ar fad a bheidh uathu, déanfaidh siad measúnacht ar an iarratas ag an gcéad chruinniú ábharach eile de Choiste na Measúnachta agus na gCeadúnaisí de chuid an OFÁ. Ansin cuirfear an cinneadh i n-iúl duit i bhfoirm scríte.

Níor mhór a thuiscint nach ceadmhach duit an deontas a úsáid chun díol as aon chaiteachas a dhéanfá sara ndéanfá an t-iarratas. Bíodh a fhios agat chomh maith nach aon chomhartha é an t-iarratas a sheoladh isteach, ná an t-aitheantas oifigiúil go bhfuarthas é, go gcáileoidh an t-iarratas don deontas ná go mbronnfar cúnamh deontais air. Sé Coiste na Measúnachta agus na gCeadúnaisí de chuid an OFÁ a dhéanfaidh an cinneadh críochnúil ar an gcúnamh deontais.

Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais faoi na tacaíochtaí airgid atá ar fáil ón OFÁ, eolas faoin teidlíocht san áireamh, ag www.localenterprise.ie.

## Cathain a fhéadfaidh mé teacht ar airgead an deontais?

Má cheadaítear an t-iarratas, féadfaidh tú an maoiniú a tharrac anuas tar éis duit fianaise a chur ar fáil ar an gcaiteachas a shonrófar sa litir thairisceana. Ina theannta sin, caithfear éileamh a dhéanamh ar an maoiniú a cheadófaí laistigh den tréimhse ama a luaitear sa litir thairisceana.

Chun an chabhair airgid a cheadófaí duit a éileamh, níor mhór duit na nithe seo leanas a chur ar fáil:

- cáipéis sínithe ag glacadh leis an tairiscint
- na sonrascaí bunaidh
- fianaise ar na híocaíochtaí
- deimhniú cúntasóra (más éigeantach)
- foirm éilimh
- fianaise ar chomhlíonadh na riachtanaisí cánach
- aon cháipéisí eile a luafaí sa litir thairisceana

Níor mhór a thuiscint nach ceadmhach duit an deontas a úsáid chun díol as aon chaiteachas a dhéanfá sara ndéanfá an t-iarratas.

## Cén Rud é Cúnamh 'De Minimis'?

Cuirtear na Deontaisí chun Gnónna a Leathnú ar fáil faoi réir ag Rialachán Choimisiún Aontas na hEorpa faoi Chúnamh 'De Minimis'. Sé an rud é Cúnamh De Minimis ná suimeanna teoranta de chúnamh Stáit, oiread le €200,000 leis an bhfiontar céanna laistigh d'aon tréimhse trí mbliana. Meastar go bhfuil cúnamh De Minimis ró-bheag chun cur isteach go substaintiúil ar an trádáil ná ar an iomaíocht sa Chómhargadh. Meastar go bhfuil méid na ndeontaisí seo lasmuigh de chatagóir an Chúnamh Stáit atá coiscithe faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus dá réir sin, féadfar iad a dheonú gan dul faoi bhráid an Choimisiúin.

Caithfidh an Ballstát cuntas a choimeád ar an gcúnamh De Minimis, áfach, chun féachaint chuige nach sáródh iomlán na n-íocaíochtaí a dhéanfaí leis an bhfiontar céanna as na foinsí go léir faoi cheann trí mbliana an teorainn de €200,000.

Mar sin, caithfidh tú na sonraí a chur ar fáil de na deontaisí eile go léir a bronnadh ort nó ar do chomhlacht le trí bliana anuas. Bíodh fhios agat, má dheineann tú ráiteas bréige chun figiúr faoi bhun an €200,000 a thaispeáint, go mb'fhéidir go mbeadh ort an deontas a dhíol ar ais, le hús anuas air.

## Seicliosta an Iarratais

| |
|---|
| An fhoirm iarratais líonta isteach go hiomlán |
| Síniú agus dáta curtha leis an bhfoirm iarratais |
| Trí mheastachán ar threalamh a bhfuiltear ag lorg cúnamh deontais chuige (d'aon chaiteachas a mheastar a bheidh os cionn €5,000) |
| Na Cúntaisí Deimhnithe is déanaí |
| Scarbhileog Réamh-mheastachán an Airgeadais (Cuirfidh an OFÁ é seo ar fáil) |
| Deimhniú Corpraithe, Uimhir an Chomhlachta ó Oifig Chláraithe na gComhlachtaí, nó Deimhniú Chlárú Ainm an Ghnó, má bhíonn sé ar fáil |
| Fianaise go bhfuil teacht ar an maoiniú meaitseála ó acmhainní an tionscnóra féin, nó ó infheisteoirí, nó ó mhaoiniú iasachtaí |
| Próifíl nó Cúlra do Thaithí Gnó féin |
| Deimhniú ar chabhair deontais a lorgaíodh ar ghníomhaireachtaí eile |
| Fianaise ar Chomhlíonadh na Riachtanaisí Cánach |

**Cuimhnigh air seo: Má fhaighimid an t-eolas go léir a bhíonn uainn, féadfaimíd d'iarratas a phróiseáil go tapaidh. Leanfaidh moilleadóireacht eolas neamh-iomlán.**

## 1. Sonraí teagmhála

**Sonraí teagmhála don phríomh-iarratasóir**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm (neacha): | | | | |
| Ainm an chomhlachta: (Comhlacht Teoranta nó ainm trádála) | | | | |
| Seoladh cláraithe an chomhlachta | | | | |
| An seoladh don chomhfhreagras (mara b'ionann) | | | | |
| Uimhreacha gutháin an chomhlachta | Fón póca: | | Líne thalún: | |
| Seoladh ríomh-phoist an chomhlachta: | | | | |
| Suíomh gréasáin | | | | |
| Facebook | | | | |
| Twitter | | | | |
| Ardáin eile sna meáin shóisialta (le hainmniú) | | | | |

**Stádas an Iarratasóra faoi Láthair: Tic le cur sa bhosca oiriúnach**

| Ainm/neacha | Fostaithe agat féin | Fostaithe | Dífhostaithe | Traenáil / oideachas |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## 2. Sonraí an Chomhlachta

Líon na mblianta i mbun trádála: ____________________

### Cineál an ghnó:

**Cuir tic sa cholún oiriúnach agus tabhair Uimhir Chláraithe nó Uimhir OCC (.i. CRO) an Chomhlachta, má oireann sé**

| | |
|---|---|
| Trádálaí Aonair / Duine Aonair | |
| Páirtnéireacht | |
| Comhlacht Teoranta | |
| Catagóir Eile (le hainmniú) | |

Más Comhlacht Teoranta an t-iarratasóir, tá an mhír seo thíos le líonadh isteach.

| | | |
|---|---|---|
| **I gcás Comhlacht Teoranta, tá na stiúrthóirí go léir le liostáil, mar aon le céatadán na scaranna atá acu.** | **Ainmneacha na Stiúrthóirí**<br><br>**(1)**<br><br>**(2)**<br><br>**(3)** | **Céatadán na scaranna** |
| **Uimhir Chánach an Chomhlachta** | | |
| **Uimhir OCC (.i. CRO)** | | |

### Suíomh áitreabh an ghnó:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seoladh feidhmiúil an ghnó | | | |
| Cén sórt seilbhe atá agat ar an áitreabh? | Úinéireacht | Ar léas | |
| Más ar léas atá an t-áitreabh agat, luaigh anseo téarma an léasa agus an fad atá fágtha ann. | | | |

## 3. Cúlra, cáilíochtaí, agus taithí an tionscnóra

Na cáilíochtaí agus an taithí ábharach atá ag gach duine de thionscnóirí an ghnó le liostáil.

(Féadfaidh tú formáidiú na bpointí urchair a úsáid.)

Do chuid oideachais ar scoil nó ar an gcoláiste, aon traenáil eile, do stair oibre, agus do stair a bheith ag obair duit féin san áireamh, mar a oirfidh.

| **Oideachas / traenáil** |
|---|
| |

| **Taithí ábharach gnó: (150 focal ar a laghad)** |
|---|
| |

## 4. Sonraí an ghnó

Déan cur síos ar an ngnó atá cheana agat:
(Tabhair oiread sonraí agus is féidir faoi na teidil seo thíos.)

1. Cur síos ar an earra nó ar an seirbhís:

2. Gnéithe ar leithrigh den earra nó den seirbhís:

3. An tairbhe do do chuid custaiméirí:

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

**4. Praghsáil:**

**5. Teideal i bpaitinní nó maoin intleachtúil:**

**6. Eolas faoi na soláthraitheoirí (ábhar amh):**

**7. Sonraí faoin leathnú atá á bheartú:**

**8. Sonraí na hinfheistíochta go dtí seo, más ann dó:**

## 5. An margadh agus taighde ar an margadh

5.1 Déan cur síos ar an taighde atá déanta agat mar thaca do na pleananna an gnó a leathnú amach:

**(150 focal ar a laghad)**

5.2 Déan cur síos sonraitheach ar an méid atá ar eolas agat mar gheall ar thoirt an mhargadh sprice:
(Bíodh na claontaí sa mhargadh san áireamh agat, más ann dóibh, agus déan cur síos ar an gcúis go bhfuil siad ag athrú, an t-athrú atá sa chaiteachas sa mhargadh, agus mar sin de.)

**(150 focal ar a laghad)**

**5.3 Custaiméirí:**
(Déan cur síos ar bhonn na gcustaiméirí atá agat. Mar shampla, an bhfuil custaiméirí cheana agat? Cén sórt custaiméirí a bhfuil tú ag díriú orthu? An bhfuil custaiméirí ar leithrigh aimsithe agat?)

**(150 focal ar a laghad)**

**5.4 Na sonraí faoi aon réamh-orduithe nua mara thaca le leathnú an ghnó:**

**5.5 Straitéis mhargaíochta:**
(Conas a dhíolfaidh tú an earra nó an tseirbhís, agus cén áit? Conas a dháilfear é nó conas a chuirfear i láthair na gcustaiméirí poitéinsiúla é?)

**Luaigh an suíomh gréasáin, an díolachán ar-líne, agus na meáin shóisialta atá i gceist agat, 150 focal ar a laghad)**

**5.6 Iomaitheoirí:**
(Cé hiad na hiomaitheoirí atá agat? Cá bhfuil siad? Conas a rachaidh tú san iomaíocht leo? Cén fáth a gceannófaí uait-se?)

**(150 focal ar a laghad)**

## 6. Caiteachas agus Maoiniú

**Please list and give the expected cost of items to be purchased and other expenditure in Year 1**

Liostáil na nithe a bheidh le ceannach, an costas a mheastar a bheidh orthu, agus aon chaiteachas eile le linn Bhliain a 1.

Níor mhór féachaint ar na nótaí treorach i dtosach na foirme seo, nó ar na sleachta faoi na tacaíochtaí airgeadais ar www.localenterprise.ie, mar a bhfuil eolas ar an teidlíocht i gcúnamh deontais, ar na srianta ar an tacaíocht atá ar fáil, agus ar choinníollacha na ndeontaisí.

(Nóta: D'aon bhall caiteachais faoi bhun €5,000, caithfear meastachán béil amháin a chur ar fáil; d'aon bhall caiteachais os cionn €5,000, caithfear trí mheastachán scríte a chur ar fáil.)

**Costaisí measta na dtuarastal (a):**

| **Teideal an phoist** | **Costas an chaiteachais €** (Méid bhliantúil an tuarastail) | **Méid an deontais atáthar a lorg €** (Costaisí incháilithe €15,000 per post ar an méid) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Costaisí iomlán na dtuarastal (a)** | | |

Caiteachas measta eile (b):

| **Cur síos ar an mball** | **Costas an chaiteachais €** (Ex. CBL) | **Méid an deontais atáthar a lorg €** (Costaisí incháilithe 50% de chostaisí an chaiteachais ex CBL ar an méid) |
|---|---|---|
| **Baill an chaiteachas caipitil** | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Iomlán an chaiteachas caipitil** | | |
| **Costaisí na comhairleoireachta/na nuálaíochta/na margaíochta** | **Costas an chaiteachais €** (Ex. CBL) | **Méid an deontais atáthar a lorg €** (Costaisí incháilithe 50% de chostaisí an chaiteachais ex CBL ar an méid) |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Iomlán chostaisí na comhairleoireachta/na nuálaíochta/na margaíochta** | | |
| **Forchostaisí ginearálta – mar shampla, aibhléis, cíos** | **Costas an chaiteachais €** (Ex. CBL) | **Méid an deontais atáthar a lorg €** (Costaisí incháilithe 50% de chostaisí an chaiteachais ex CBL ar an méid) |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Iomlán na bhforchostaisí ginearálta** | | |
| **Iomlán chostaisí eile an chaiteachais (b)** | | |

## Na figiúirí iomlána le tabhairt ar aghaidh ó na táblaí anseo thuas

| Na figiúirí iomlána le tabhairt ar aghaidh ó na táblaí anseo thuas | **Costaisí an chaiteachais €** | **Méid an deontais atáthar a lorg €** |
|---|---|---|
| **Costaisí iomlána na dtuarastal (a)** | | |
| **Iomlán chostaisí eile an chaiteachais (b)** | | |
| **Iomlán chostaisí an chaiteachais agus méid an deontais atáthar a lorg** | | |

Níor mhór Scarbhileog Réamh-mheastachán an Airgeadais a chomhlíonadh.
(Cuirfidh an OFÁ an scarbhileog seo ar fáil, agus tá sé le seoladh isteach mar chuid den iarratas seo.)

## Faoinsí an mhaoiniú meaitseála do mhéid iomlán an deontais atáthar a lorg:

| | **Maoiniú meaitseála €** |
|---|---|
| **Infheistíocht san fhiontar ó acmhainní an tionscnóra féin (Beartaithe)*** | |
| **Infheistíocht san fhiontar á mhaoiniú ag iasachtaí (Beartaithe)*** | |
| **Infheistíocht san fhiontar ó fhoinsí eile (Beartaithe)*** | |
| **Iomlán:** | |

* Níor mhór fianaise a chur ar fáil ar an teacht atá agat ar an maoiniú meaitseála ó acmhainní an tionscnóra féin, ó fhoinsí eile, agus ó iasachtaí.

(Níor mhór a thuiscint, má cheadaítear an cúnamh deontais, nach féidir é a éileamh ach amháin ar bhonn an chaiteachas dearbhaithe.)

**Déan cur síos ar an ngá atá ag do ghnó le tacaíocht an OFÁ, ar an éifeacht a bheadh ag an gcúnamh céanna, agus ar an éifeacht a bheadh ann mara bhfaighfí an cúnamh.**

| |
|---|
| |

## 7. Sonraí na Fostaíochta

Líon measta na bpostanna poitéinsiúla (na hiarratasóirí féin san áireamh):

| | **Fostaíocht Iomlán** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon na foirne le linn an iarratais (an t-úinéir san áireamh)** | **Iomlán na foirne faoi dheireadh Bhliain a 1** | **Iomlán na foirne faoi dheireadh Bhliain a 2** | **Iomlán na foirne faoi dheireadh Bhliain a 3** |
| Lán-aimseartha (Baineann) | | | | |
| Lán-aimseartha (Fireann) | | | | |
| Páirt-aimseartha (Baineann) | | | | |
| Páirt-aimseartha (Fireann) | | | | |
| Iomlán | | | | |

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

## 8. Stair na nDeontaisí

### Dearbhú De Minimis – tacaíocht fachta ón Stát cheana (más ann dó)

An bhfuil aon tacaíocht fachta cheana ag an ngnó nó ag éinne dá thionscnóirí ón Stát nó ó Aontas na hEorpa trí aon ghníomhaireacht eile?

Tá Níl

Má sé "Tá" an freagra a thug tú ansin thuas, níor mhór duit na sonraí a thabhairt uait anseo, le dáta, méid, agus cuspóir na dtacaíochtaí san áireamh:

| **Cúnamh De Minimis** | **Gníomhaireacht** | **Méid €** | **Dáta** |
|---|---|---|---|
| Cineál an chúnaimh a ceadaíodh (mar shampla, traenáil / dearbhán nuálaíochta / caipiteal síl / féidearthacht / caipiteal / fostaíocht / Dearbhán Trádáil Ar Líne / An Fiontraí Óg is Fearr i nÉirinn / infheistíocht nó deontaisí eile) | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **Méid iomlán:** | | | |

Sé an rud é Cúnamh De Minimis ná suimeanna teoranta de chúnamh Stáit a thabharfaí do chomhlacht áirithe, nach ceadmhach dó teorainn de €200,000 a shárú faoi cheann trí bliana fioscacha, beag beann ar thoirt ná ar shuíomh an chomhlachta.

D'fhéadfadh an Cúnamh De Minimis teacht ó aon fhoras nó gníomhaireacht nó Roinn Stáit. Más cuid de ghrúpa é an comhlacht, is leis an ngrúpa a bhaineann an teorainn de €200,000.

Bíodh fhios agat, má dheineann tú ráiteas bréige chun figiúr faoi bhun an €200,000 a thaispeáint, go mb'fhéidir go mbeadh ort an deontas a dhíol ar ais, le hús anuas air.

## 9. Eolas Breise

a) An amhlaidh atá aon tacaíocht á fháil agat ó Roinn an Leasa Shóisialta do do chuid fostaíochta féin, nó d'fhostaíocht do chuid fostaithe, nó an amhlaidh a bheidh tú ag cur isteach ar a leithéid de thacaíocht?

Is amhlaidh Ní hamhlaidh

b) Seasaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil go hiomlán le comhlíonadh ár gcuid dualgaisí trédhearcachta faoi bhun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá fógra againn faoi chosaint na sonraí pearsanta a thugann ár gcliaintí ar láimh dúinn; tá sé ar fáil ag www.localenterprise.ie/legal. Tá eolas tábhachtach san fhógra sin mar gheall ar an slí a dhéanaimid-ne próiseáil ar na sonraí pearsanta a thugann ár gcliaintí dúinn. Iarraimid ort an fógra a léamh go cáiréiseach, agus féachaint chuige go mbíonn sé ar fáil do na daoine a dtugann tú féin sonraí pearsanta fúthu ar láimh dúinn-ne (mar shampla, do chuid fostaithe féin).

Ach tic a chur sa bhosca "Aontaím" anseo thíos, dearbhaíonn tú na nithe seo leanas: (a) go bhfuil do dhualgaisí féin i gcúrsaí chosaint sonraí comhlíonta agat i dtaca leis na sonraí pearsanta a thugann tú ar láimh dúinn-ne, agus go bhfuil sé d'údarás agat a leithéid de shonraí pearsanta a thabhairt dúinn; agus (b) go bhféachfaidh tú chuige go dtabharfar cóip den fhógra seo againn-ne do na daoine a dtugann tú féin sonraí pearsanta fúthu ar láimh dúinn-ne (mar shampla, do chuid fostaithe féin).

Aontaím

c) Caithfear an t-iarratas seo a chur faoi bhráid daoine eile (ar bhonn rúnda) mar chuid de phróiseas próiseála an Oifig Fiontair Áitiúil. An bhfuil tú sásta leis seo?

Táim Nílim

d) An bhfuil tú sásta eolas a fháil go leanúnach ón Oifig Fiontair Áitiúil?

Táim Nílim

e) An bhfuil tú féin (nó an comhlacht) cláraithe don CBL?

Tá Níl

f) Tabhair na sonraí seo leanas uait:*

| | |
|---|---|
| Bancaeirí | |
| Cúntasóir | |
| Atúrnae | |
| Lucht Árachais | |

* Ba cheart go dtuigfeadh éinne a gheobhadh cúnamh deontais go gcaithfear árachas a fháil ar aon bhaill chaipitil a ngeofaí cúnamh deontais ina leith. Caithfidh tú fianaise air sin a chur ar fáil sara dtabharfar cead duit an deontas a tharrac anuas.

## 10. Síniú

Dearbhaím-se go bhfuil na sonraí atá curtha síos san iarratas seo agam, chomh maith le haon eolas tacaíochta atá curtha ar fáil agam, fíor agus cruinn.

**Síniú anseo:** ______________________

**Ainm:** ______________________

**Dáta:** ______________________

Níor mhór duit an Fhoirm Iarratais seo a shíniú agus a thabhairt thar n-ais go dtí an Oifig Fiontair Áitiúil.

Tá na sonraithe teagmhála ar fáil ar an suíomh www.localenterprise.ie.

**Don Úsáid Inmheánach**

Uimhir Thagartha an Chomhaid ______________________

An Dáta a Fuarthas an tIarratas ______________________

Earnáil ______________________

Cód an NACE ______________________

Cód an GMIS ______________________

Feidhmeannach ______________________

Oifig Fiontair Áitiúil

Local Enterprise Office

## Sonraí teagmhála

www.localenterprise.ie


Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Regional Development Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

I bpáirt leo seo leanas:

ENTERPRISE IRELAND

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland